

Dúlamán

A 'níon mhín ó, sin anall na fir shúirí,
A mháthair mhín ó, cuir na roithléan go dtí mé.

Curfa:

Dúlamán na Binne Buí,
Dúlamán Gaelach,
Dúlamán na farraige,
'Sé b'fhearr a bhí in Éirinn.

2. Tá bróga breaca dubha, ar an dúlamán gaelach,
Tá bearéad agus triús, ar an dúlamán gaelach.

Curfa

3. Rachaimid go Doire leis an dúlamán gaelach,
'S ceannóimid bróga daora ar an dúlamán gaelach.

Curfa

4. Caide a thug na tíre thú? arsa an dúlamán gaelach,
Ag súirí le do níon, arsa an dúlamán maorach.

Curfa

5. Ó cha bhfaigheann tú mo 'nion, arsa an dúlamán
gaelach,
Bheul, fuadóidh mé liom í, arsa an dúlamán maorach.

Curfa